

Ceiliúradh Órga an Athair Colm

Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Bhí oíche mhór againn ar an gCnoc Dé hAoine, an 22ú lá de Dheireadh Fómhair, 2004. Ócáid áthais chomh maith le ceiliúradh buíochais a bhí i gceist ag Pobal Chois Fharraige agus iad ag comhcheiliúradh a Iubhaile Órga leis an Athair Colm Ó Ceannabháin sa mbaile ar a fhód dúchais fhéin.

Bhí trí ionad eagraithe don cheiliúradh:-

- Séipéal Naomh Ainnín an Chnoic – áit inár léigh sé a chéad Aifreann leathchéad bliain ó shin.
- An Halla mór i Scoil Sailearna le béile ceiliúrtha a chaitheamh in éineacht leis an bpobal.
- Seanscoil Sailearna, áit a ndeachaigh Colm ar scoil den chéad uair agus a bhí réitithe agus maisithe don oíche áirneáin, seanchais, amhránaíochta, filíochta agus damhsa i ndiaidh an bhéile.

Bhí an séipéal lán go doras, an carrchlós ag cur thar maoil agus é eagraithe chomh maith sin ag foireann “FÁS” nach raibh oiread is carr-spás fágtha folamh – an séipéal sciúrtha agus maisithe ag Coiste an tSéipéil, clog an tSéipéil ag bualadh go sollúnta le macalla ceiliúrtha, cór an tSéipéil le ceol binn in ard a ghutha nuair a



shiúil an tEaspag isteach le scór sagart a bhí in éineacht leis le hAifreann buíochais a chomhcheiliúradh agus an tAthair Colm mar phríomhcheiliúraí.

Chuir Colm fáilte roimh chuile dhuine agus leag sé béim ar údar an cheiliúrtha. Thapaigh sé a dheis le hinseacht go raibh sé in ann a bhuíochas a chur in iúl do Dhia, dá mhuintir is don phobal as ar fáisceadh é faoi bhronntanas an chreidimh a thug Dia dhó ag Umar an Bhaiste i

Séipéal Naomh Ainnín ar an gceathrú lá de Mhárta, 1928. Chaintigh sé chomh maith ar an gcabhair a thug a mhuintir agus a phobal dó a chreideamh a fhorbairt agus faoin sláinte agus na grástaí a thug Dia dhó le leathchéad bliain a chaitheamh ina shagart ag freastal ar phobal na deoise. Ba é an tEaspag féin, ina sheanmóir, a chuir craiceann ar sheirbhís Choilm don deoise i chuile pharóiste inár fhreastal sé ina shagart dílis.

Moladh

Bhí Pobal an Chnoic chomh suimiúil le cat siopa agus cluas ghéar ar chuile dhuine ag éisteacht le moladh an Easpaig faoin ngaisce a bhí déanta ag an Sagart Ó Ceannabháin, na hAille óna phobal féin. Bhí an tAifreann buíochais go hálainn – chuile shórt ar fheabhas. Ba mhór an spóirt é. Chuir an tAth. Colm barr feabhais air nuair a dúirt sé óna chroí an dán buíochais seo leanas a bhí cumtha aige an oíche roimhe sula bhfuair an néal codlata an ceann is fearr air.

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Buíochas ó chroí leat, a Íosa
Sa mainséar i do luí ar leaba tuí
Slánaitheoir an chine dhaonna.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
A baisteadh in Abhainn na hIordáine.
An áit ar lig tú le sruth peacaí an tsaoil
Agus ar fhág tú Sátan fuar folamh.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Leis an lánúin ag bainis Chána.
Den fhíon a bhí gann thug tú dóibh lán
Agus shábháil tú don lánúin a náire*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Ar chnoc Tabor le Maois is an fáidh.
Mar 'spáin tú do ghlóir le misneach a thabhairt
Do na hAspail is gach n-aon de chlann Éabha.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Sa seomra uachtair in éineacht lena chairde;
Mar ar cheiliúr sé féile na nGiúdach sna náisiún
Agus d'fhág an tUan Cásca a'inn mar oidhreacht.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
Ag fulaingt pian ghártha na Páise
Á chur ins an uaigh ag fanacht le bua
An aiséirí glórmhar lá Cásca.*

*Buíochas ó chroí le gile mo chroí,
A d'fhág a'inn an tAifreann le hofráil,
Le hadhradh is grá agus cúiteamh go fial
A thabhairt don Athair Síoraí ón Ádhamhchlann.*

Canadh an *Te-Deum* ag deireadh an Aifrinn agus chuile dhuine sa séipéal ag déanamh iontais go raibh togha na Gaeilge ag an sagart mór le rá as Contae Mhaigh Eo a chas ó thús go deireadh é.

Béile Mór

Bhuail muid uilig siar tar éis an Aifrinn go halla na scoile, san áit a raibh béile réitithe agus áit le suí do 300 ag na boird. Bhí rogha gach bia agus togha na fíona faoi réir don phobal. Thapaigh daoine as Iorras Aithneach a ndeis le héachtaí Choilm thiar a mholadh go glórach agus le deireadh a chur leis an mbéile iarradh ar Cholm an leathchéad de choinnle beaga a Iubhaile a mhúchadh in aon séideadh amháin agus an cáca Iubhaile a ghearradh. Chruthaigh Colm nach raibh aon ghiorracht anála air agus ar ndóigh b'fhurasta a aithint go raibh níos mó cleachtadh ag an bhfear beadaí ag caitheamh siar greim den cháca ná á

ghearradh le scian. Chuir an béile mór agus an gháilleog bhreá fíona an comhlúadar i ngiúmar maith don siamsa sa seanscoil.

Bhí ceoltóirí as Cois Fharraige, Carna, agus Co. an Chláir faoi réir sa seanscoil le tús a chur leis an gcóisir cheiliúrtha. Bhí Joe Steve ina fhear tí agus mheall sé amhrán as na hamhránaithe cáiliúla go léir a bhí i láthair. Oíche mhór áirneáin go maidin a bhí ar siúl idir fhilíocht, seanchas, béaloideas, ceol, damhsa is amhráin. Ba é an tAth. Colm é fhéin a thug an chraobh leis lena amhrán binn álainn. Do réir a chéile chuaigh an ceol i bhfeidhm air agus ba ghearr go raibh cláracha an urláir á lúbadh faoina chosa agus chruthaigh sé nach é a ghuth amháin a fuair bua an cheoil agus b'fhurasta a aithint go raibh ceol ina chosa. Oíche mhór cheiliúrtha go maidin a bhí ann agus ba é Colm an duine deireannach ag dul abhaile agus múnóga móra allais ag titim go tiubh óna bhaithis.

Is fíor-chorruair a mbíonn sagart ar ais ag obair ina pharóiste dúchais taréis leathchéad bliain a chaitheamh ag freastal ar phobail eile sa deoise. An rud is annamh is iontach ach nach fearr go mór an ghaisce a maítear ná an ghaisce nach ndéantar.



Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301 Facs: 091-593303

Troscán & Soláirtí Oifige

